


Céannacht Nua do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

A new civic identity for Galway City Council

Tá céannacht amhairc nua á seoladh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe mar chuid d’fhorbairt a branda. Forbraíodh í i ndiaidh taighde agus comhairliúcháin fhairsing, agus é mar aidhm aici nasc níos láidre a chruthú idir an Chomhairle, an chathair agus na daoine a bhfreastalaíonn sí orthu.

Galway City Council is introducing a new visual identity as part of a wider Brand Strategy. Developed through research, review and stakeholder engagement, its aim is simple: to create a clearer, more recognisable civic identity that better connects Galway City Council with the city and people it serves.

Fréamhaithe san oidhreacht.
Rooted in our heritage.



Seanchló
(Gaelchló) litir ‘g’
Seanchló letter ‘g’




Fáinne



Fréamhaithe san oidhreacht
Visual echoes

Deartha don todhchaí.
Designed for our future.



Cathair na Gaillimhe
agus a muintir.
Galway City and its people.

An Chomhairle ag tacú leis an
gcathair agus ag freastal uirthi.
The Council supporting and
serving the city.

Tá an tsiombail nua fréamhaithe in oidhreacht chathartha na Gaillimhe. Eascraíonn a bunchruth ó chabhail an ghalúin atá le feiceáil i suaitheantas stairiúil Chathair na Gaillimhe, athléirithe agus oiriúnaithe don lá atá inniu ann.

Léiríonn an chabhail an Chomhairle mar bhonn taca don chathair, agus seasann an chuid uachtarach do Chathair na Gaillimhe agus dá pobal. Ag an am céanna, cruthaíonn an dá ghné le chéile litir bheag ‘g’, siombail shimplí ach shainiúil de Ghaillimh.

The new symbol is rooted in Galway City’s civic heritage. Its lower form is drawn from the galleon’s hull depicted in a historic Galway City crest, simplified and reimagined for today.

The hull represents the Council supporting the city, while the form above represents Galway City and its people. Together, they create a distinctive lowercase g for Galway.



Súil isteach i gCathair na Gaillimhe

Is féidir an 'g' úr a úsáid mar fhráma do ghrianghraif, rud a chuireann daoine, áiteanna, cultúr agus carachtar Chathair na Gaillimhe i lár an aonaigh. Ar an mbealach seo, cuirtear daoine, áiteanna agus cultúr na cathrach chun cinn ar bhealach comhsheasmhach agus so-aitheanta.



A window into Galway City

The new civic g can be used as a frame for photography, creating a window into the people, places, culture and character of Galway City. This allows the identity to continually reflect the city it represents while maintaining a clear and recognisable visual language.



An Ghaeilge i gcroílár ár bhféiniúlachta

Tá áit níos lárnaí ag an nGaeilge sa chéannacht nua, rud a léiríonn an tábhacht atá léi do Chathair na Gaillimhe agus dá muintir. Tugtar níos mó suntais d'ainm Gaeilge na Comhairle sa dearadh nua, rud a neartaíonn láithreacht agus feiceálacht na Gaeilge ar fud chumarsáid na Comhairle.

Irish at the heart of our identity

Irish has been given greater visual prominence within the new identity, reflecting its importance to Galway City and its people. The Irish-language name has been increased in size within the final design, creating a stronger bilingual presence across Galway City Council communications.



Níos mó ná siombail nua

Níl sa 'g' shibhialta ach gné amháin de chóras níos leithne a chuimsíonn dathanna, chlófhoirne, íomhánna, cumarsáid dhátheangach, inrochtaineacht agus teimpléid praiticiúla. Le chéile, cruthóidh na heilimintí seo féiniúlacht shoiléir chomhsheasmhach don Chomhairle ar fud na cumarsáide clóite agus digití, na comharthaíochta, na saoráidí agus an réimse phoiblí.

More than a new symbol

The civic g is one part of a wider system encompassing colour, typography, imagery, bilingual communication, accessibility and practical templates. Together, these elements will create a clearer and more consistent civic presence across print, digital communications, signage, facilities and the public realm.

